Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2168(INI)

16.10.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar mholadh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún nó chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus Ceanada i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, lena n-áirítear na bagairtí ar chobhsaíocht eacnamaíoch agus ar cheannasacht Cheanada
(2025/2168(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Tobias Cremer

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA....3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN....8

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR....9

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún nó chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus Ceanada i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, lena n-áirítear na bagairtí ar chobhsaíocht eacnamaíoch agus ar cheannasacht Cheanada
(2025/2168(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile[1], a síníodh an 30 Deireadh Fómhair 2016 agus atá i bhfeidhm go sealadach ón 1 Aibreán 2017,

– ag féachaint don Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[2], a tháinig i bhfeidhm go sealadach an 21 Meán Fómhair 2017,

– ag féachaint don Chomhpháirtíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Ceanada agus don Chomhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas agus Ceanada, a seoladh an 23 Samhain 2023,

– ag féachaint don ráiteas ón Aontas Eorpach agus ó Cheanada dar teideal Joint Statement: Enduring Partnership, Ambitious Agenda, [Comhráiteas: Comhpháirtíocht Bhuanseasmhach, Clár Oibre Uaillmhianach] a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada a tionóladh sa Bhruiséil an 23 Meitheamh 2025,

– ag féachaint don Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, a síníodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada a tionóladh an 23 Meitheamh 2025,

– ag féachaint dá moladh maidir le straitéis taidhleoireachta agus comhar geopholaitiúil an Aontais san Artach[3],

– ag féachaint do Riail 121 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí, i gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil méadú ar iomaíocht mhór cumhachta, ar luaineacht pholaitiúil agus ar dhlús an athraithe aeráide, go bhfuil leas comhroinnte agus méadaithe ag an Aontas Eorpach agus ag Ceanada a gcomhar a dhoimhniú agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú;

[1] IO L 329, 3.12.2016, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/2118/oj.
[2] IO L 11, 14.1.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/37/oj.
[3] Téacs atá le glacadh i mí na Samhna 2025.

B. de bhrí gur comhpháirtithe straitéiseacha iad an tAontas agus Ceanada atá aontaithe ina dtuairim go bhfuil an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus comhar iltaobhach tairbheach do shochaithe Cheanada agus na hEorpa agus don chomhphobal idirnáisiúnta agus gur cheart, dá bhrí sin, go ndéanfadh comhghuaillíochtaí domhanda comhpháirtithe atá ar aon intinn leo iad a chosaint;

C. de bhrí go bhfuil comhar éifeachtach idir an tAontas agus Ceanada atá bunaithe ar cheannaireacht agus freagracht chomhpháirteach ríthábhachtach chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, amhail cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogaíocht hibrideach na Rúise i gcoinne sochaithe daonlathacha, iomaíocht gheopholaitiúil san Artach, teanntás méadaitheach na Síne, luaineacht mhéadaithe i mbeartas eachtrach na Stát Aontaithe, an t-athrú aeráide agus an staid sa Mheánoirthear;

D. de bhrí go bhfuil comhar idir an tAontas agus Ceanada laistigh de na creataí atá ann cheana bunriachtanach chun rathúnas a chaomhnú agus a fheabhsú don dá pháirtí; de bhrí go n-áirítear ar shamplaí den chomhar bunriachtanach sin trádáil agus comhar eacnamaíoch, agus uaillmhianta comhpháirteacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach;

E. de bhrí go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil Ceanada, trína thiomantas do thacaíocht fhadtéarmach don Úcráin agus do cheannaireacht láidir le linn a Uachtaránachta ar G7, ina chomhpháirtí straitéiseach don Aontas agus ina chomhghuaillí iontaofa ag ECAT;

F. de bhrí nach mór acmhainneacht iomlán na n-ionstraimí atá ann cheana maidir le comhar idir an tAontas agus Ceanada a chur i gcrích agus an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Ceanada a fheabhsú go láidir chun seasamh le chéile i gcoinne chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, athbhreithniúchas na ngníomhaithe geopholaitiúla, géarú na bhfeachtas cogaíochta hibridí i gcoinne sochaithe daonlathacha, an athraithe aeráide, agus na ndúshlán don ord trádála domhanda;

1. á mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, an Coimisiún agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an méid seo a leanas:

An Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Ceanada: creat institiúideach

(a) tapaigh an deis tráth seo na ndúshlán comhroinnte chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus Ceanada agus an caidreamh a ardú go leibhéal nua chun leasanna agus luachanna coiteanna a shaothrú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa;

(b) a chuid iarrachtaí a uasmhéadú chun na conclúidí ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada an 23 Meitheamh 2025 a chur chun feidhme go pras, trí chéimeanna nithiúla a ghlacadh chun dul chun cinn follasach a bhaint amach sna réimsí a leagtar amach sa Ráiteas Comhpháirteach agus sa Chomhpháirtíocht Slándála agus Chosanta;

(c) idirphlé il-leibhéil a threisiú, lena n-áirítear cruinnithe mullaigh agus tionscnaimh chomhpháirteacha, chomh maith le formáidí comhair fhadtéarmaigh ar an leibhéal oibre chun an comhar a dhoimhniú agus chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar dhúshláin dhomhanda;

(d) tacú le ról níos láidre don idirphlé parlaiminteach sa chomhpháirtíocht straitéiseach; ag tabhairt dá haire go bhfuil stádas breathnóra dlíthiúil ag Ceanada le Comhairle na hEorpa; á iarraidh go méadófaí an comhar ar an leibhéal parlaiminteach agus go dtabharfadh Comhairle na hEorpa cuireadh go rialta do Cheanada freastal ar chruinnithe idirpharlaiminteacha mar bhreathnóir;

Comhoibriú sa bheartas eachtrach agus slándála

(e) comhar le Ceanada a mhéadú chun freagairt ar gharbhagairtí slándála ar ár sochaithe, amhail cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ionsaithe hibrideacha agus cur isteach ar shochaithe daonlathacha ar an dá thaobh den Atlantach, teanntás na Síne, luaineacht mhéadaithe i mbeartas eachtrach na Stát Aontaithe, iarmhairtí an athraithe aeráide agus an staid sa Mheánoirthear;

(f) treochlár a leagan amach chun cur chun feidhme iomlán agus tráthúil na ngealltanas a rinneadh sa Chomhpháirtíocht Slándála agus Chosanta a áirithiú, lena soláthraítear creat polaitiúil comhleanúnach le haghaidh iarrachtaí comhpháirteacha sa réimse sin faoi thionscnaimh lena gcomhlánaítear comhar na bpáirtithe in ECAT, amhail Gníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) agus ReArm Europe;

(g) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacaíocht an Aontais agus Cheanada do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine, chomh maith leis an tiomantas comhroinnte do chúnamh fadtéarmach polaitiúil, míleata, airgeadais agus daonnúil a sholáthar, *inter alia*, trí oibriú go comhpháirteach i dtreo comhghuaillíocht láidir idirnáisiúnta a chruthú i bhfabhar sócmhainní ceannasacha blocáilte de chuid na Rúise a úsáid;

(h) smachtbhannaí ar an Rúis agus leithlisiú taidhleoireachta na Rúise a chomhordú le Ceanada agus le comhpháirtithe eile;

(i) an comhar le Ceanada a athbhreithniú agus a mhéadú chun cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha cogaíochta a chomhrac agus chun gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha agus bréagaisnéis a chomhrac;

(j) an comhordú idir an tAontas agus Ceanada a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ilghnéitheacha a bhaineann le fás agus teanntás na Síne;

(k) oibriú le Ceanada i dtreo síocháin chóir mharthanach sa Mheánoirthear trí réiteach caibidlithe dhá stát; dlús a chur leis an gcomhar chun soláthar cabhrach daonnúla do shibhialtaigh in Gaza a áirithiú, agus tacú leis na hiarrachtaí taidhleoireachta agus oibríochtúla uile atá dírithe ar chobhsaíocht chuimsitheach réigiúnach a fheabhsú;

(l) idirphlé débhliantúil maidir leis an mbeartas eachtrach a bhunú chun comhar straitéiseach a chumasú maidir leis na saincheisteanna is airde tosaíocht;

An t-iltaobhachas a neartú:

(m) an comhar le Ceanada a neartú a thuilleadh chun an t-iltaobhachas a chosaint chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na réaltachtaí geopholaitiúla contúirteacha atá ag teacht chun cinn agus a dhéanann difear dár luachanna, dár leasanna agus dár

slándáil chomhroinnte;

(n) an comhar idir an tAontas agus Ceanada a threisiú i bhfóraim iltaobhacha trí sheasaimh a chomhordú, tionscnaimh a ailíniú agus oibriú le chéile chun luachanna comhroinnte a chosaint;

(o) oibriú le chéile chun ról agus feidhmiú ríthábhachtach na n-institiúidí iltaobhacha a chosaint, amhail na Náisiúin Aontaithe, G7, G20 agus ECAT;

Comhar san Artach

(p) á chur in iúl gur cúis bhuartha di míleatú an Artaigh, agus oibriú le Ceanada chun an tArtach a chaomhnú mar réigiún síochána, cobhsaíochta agus comhair faoin dlí idirnáisiúnta;

(q) oibriú i ndlúthchomhar le Ceanada chun neamhspleáchas agus gníomhaireacht na Graonlainne do mhuintir na Graonlainne a chosaint, i gcomhthéacs an mhéadaithe ar an spéis gheopholaitiúil san Artach;

(r) an comhar idir an tAontas, Ceanada, an Danmhairg agus an Ghraonlainn a neartú, ag tógáil ar an gcomhaontú stairiúil ar thángthas air chun díospóidí teorann seanbhunaithe a réiteach go síochánta;

Trádáil earraí agus seirbhísí, trádáil dhigiteach agus infheistíocht

(s) tairbhí CETA a chur chun cinn laistigh de na Ballstáit agus den Aontas, lena n-áirítear rochtain mhéadaithe ar an margadh, trádáil shimplithe agus bacainní laghdaithe do FBManna, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;

(t) á iarraidh ar na 10 mBallstát nár dhaingnigh CETA go fóill é sin a dhéanamh go pras, mar chomhartha tábhachtach polaitiúil roimh chomóradh 10 mbliana, in 2027, ar a chur i bhfeidhm sealadach;

Forbairt dhomhanda

(u) dlúthchomhar le Ceanada a áirithiú chun cuidiú le bearnaí criticiúla a líonadh, creataí forbartha iltaobhacha a threisiú, forbairt inbhuanaithe agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta cuimsitheacha a chur chun cinn, agus tacaíocht don tsochaí shibhialta agus don athléimneacht dhaonlathach a chaomhnú;

Oideachas, taighde agus naisc duine le duine

(v) obair leantach a dhéanamh go pras ar an ngealltanas an comhar a dhoimhniú i réimsí amhail naisc duine le duine, an cultúr, an óige, tacaíocht do bheartais chuimsitheacha agus creat na Comhpháirtíochta Digití idir an tAontas agus Ceanada;

(w) athléimneacht sochaí a mhéadú trí chomhlachas Cheanada le Fís Eorpach a ghiaráil, trí fheabhas a chur ar an gcomhar san oideachas agus sa taighde, trí shoghluaisteacht thrasatlantach daoine óga a éascú don obair, don staidéar agus don tsaorálaíocht agus trí fhéachaint a thuilleadh ar na deiseanna do theagmháil idir daoine agus do mhalartuithe staidéir, ag tógáil ar Erasmus agus Erasmus+;

Barúlacha deiridh

(x) leanúint d'fhíor-chomhpháirtíocht chothrom a thógáil le Ceanada, bunaithe ar mhuinín, ar luachanna comhroinnte agus ar leasanna coiteanna;

(y) rannpháirtíocht i dtionscnaimh chomhair a chur chun cinn ní hamháin le rialtas láir Cheanada, ach lena údaráis chúigeacha agus le comhlachtaí ábhartha eile freisin;

°

° °

2. á threorú dá hUachtarán an moladh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Ceanada bunaithe ar luachanna coiteanna agus ar thiomantas comhroinnte don daonlathas, do chearta an duine, don ord iltaobhach riailbhunaithe, agus don smacht reachta. I bhfianaise na héagobhsaíochta domhanda atá ag dul i méid agus na ndúshlán iomadúil a dhéanann difear don Aontas agus do Cheanada araon, cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil gur gá an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Ceanada a neartú a thuilleadh agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada an 23 Meitheamh 2025 trí chéimeanna nithiúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcomhar i bpríomhréimsí amhail trádáil, iomaíochas agus athléimneacht, slándáil thrasatlantach, oideachas agus taighde, agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus comhar a fhorbairt ag an am céanna i réimsí nár tugadh aghaidh go hiomlán orthu go fóill sa chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Ceanada, amhail naisc duine le duine, an cultúr, an óige a neartú, agus tacú le beartais chuimsitheacha do chách.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Misean Cheanada chuig an Aontas Eorpach

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).